# Nuachtlitir na Grafaice

Earrach 2023 - Eagrán 13

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun spreagadh, tacaíocht agus cumhacht a thabhairt do mhúinteoirí agus Oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn a athrú ó bhonn.

## An Príomheolas is Déanaí - FGL 2022/2023




Ceardlanna FGL na Grafaice 2022-2023, a bhí le reáchtáil ar dtús sa tréimhse idir 23 Eanáir 2023 agus 15 Márta 2023, cuireadh siar iad go dtí níos déanaí sa scoilbhliain. Tá a n-athsceidealú sin déanta anois, mar sin seiceáil leis an mbainistíocht i do scoil chun a chinntiú go bhfuil tú cláraithe do dháta atá le teacht. Má tá do '**Leabhrán Gníomhaíochta**' faighte agat cheana féin do cheardlann FGL na Grafaice tríd an bpost, déan cinnte é a stóráil in áit shábháilte go dtí am na ceardlainne athsceidealaithe mar go mbeidh sé ag teastáil le go mbainfidh tú lántairbhe as an lá.

Má theastaíonn cóip eile den leabhrán uait, tá leagan inphriontáilte ar fáil ar shuíomh gréasáin SSM anseo. Tá foireann na Grafaice ag súil le bualadh leat ag do cheardlann FGL athsceidealaithe.


## An Ghrafaic sa Saol

Táimid i gcónaí ar thóir ailt nuachta, físeán, suíomhanna gréasáin agus acmhainní eile a bheadh ina ndíol spéise duit féin agus do do scoláirí . Thiocfadh roinnt gníomhaíochtaí suimiúla nó plé bríomhar a bhunú ar na naisc thíos a bhainfeadh leis na torthaí foghlama seo a leanas:

**3.2** léirthuiscint a bheith aige do shaintréithe ceilte earra nó déantáin a theastaíonn chun é a **léiriú.**

**1.4 léirthuiscint** a bheith aige do ról na grafaice 2T i réitigh a chruthú.


**2.11 léirthuiscint** a bheith aige do chur i bhfeidhm prionsabal geoiméadrach i réimsí eile staidéir.



Is moil iad stiúideonna dearaidh gluaisteán ardrúnda do thodhchaí na feithicle leictrí



Céimseata liathróidí agus an liathróid ar chruth ciúib



An fáth a ndéantar cluichí físeáin as triantáin bheaga bídeacha

## Taca do Mheasúnú Rangbhunaithe 1




Tá acmhainn forbartha ag foireann na Grafaice mar thacaíocht do mhúinteoirí Grafaice nuair a bhíonn a gcuid scoláirí ag plé le Measúnú Rangbhunaithe 1: Cumarsáid a dhéanamh trí sceitseáil. Póstaer idirghníomhach is ea an acmhainn ar cuireadh stampa ama air le físeán tacaíochta, mar aon le cur i láthair tacaíochta agus doiciméad ina leagtar amach roinnt ceisteanna tábhachtacha mar ullmhúchán don MRB. Faightear tacaíochtaí Mheasúnú Rangbhunaithe 1 anseo.

**Príomhdhátaí:** Dé hAoine 12 Bealtaine 2023 an dáta deiridh chun MRB 1 a chur isteach.

## Comhpháirtíocht IRAÉ

## AIMSIGH ÁIT SPRAOI!

Tá áthas arís ar an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí an tionscnamh seo a reáchtáil i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (IRAÉ). Is é an teideal atá ar ár dtaispeántas in 2023 'Aimsigh Áit Spraoi' ina n-iarrtar ar scoláirí réad, foirgneamh nó spás a cheanglaíonn siad le spraoi a aithint agus a iniúchadh. Tá Cumhachtphointe ineagarthóireachta forbartha ag foireann na Grafaice chun cabhrú le múinteoirí an tasc a phleanáil agus a struchtúrú leis na hAonaid Foghlama atá beartaithe acu. Faigh tuilleadh eolais trí chliceáil ar an bpóstaer.





SKETCH IT

## Ceardlann roghnach







I gcomhar le foireann na dTeicneolaíochtaí, tá sraith ceardlanna roghnacha á n-éascú ag múinteoir Teicneolaíochtaí ar scor, Jim O'Farrell, faoi láthair. Déantar iniúchadh sa cheardlann seo ar réimse teicnící sceitseála cruthaitheacha chun scileanna cumarsáide amhairc a fheabhsú. Tá gach áit sa tsraith ceardlanna reatha in áirithe cheana, mar sin féin, tá liosta feithimh le gach ceardlann, agus bíonn áiteanna ar fáil go rialta. Cláraigh don liosta feithimh anois!

## Oide




Ar an 1 Meán Fómhair 2023, bunófar seirbhís tacaíochta nua-chomhtháite darb ainm Oide. Faoi láthair, tá ceithre sheirbhís tacaíochta oideachais múinteoirí aonair ann a sholáthraíonn réimse leathan tacaí leanúnacha don bhunscoil, don iar-bhunscoil agus do scoileanna speisialta, lena n-áirítear imeachtaí foghlaim ghairmiúil do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí.

Is iad sin: An Lárionad um Cheannaireacht Scoile (LCS), an tSraith Sóisearach do Mhúinteoirí (SSM), an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (CNIM), an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM). Is féidir teacht ar shuíomh gréasáin Oide anseo agus/nó Oide a leanúint ar an gcóras Giolcaireachta.

## Coinnigh i dteagmháil

Chun coinneáil suas chun dáta le Grafaic JCt4, téigh ar ár liosta seoltaí agus lean ár bhfotha Twitter @JCt4ed



Barry Nolan



Tanya Powell



Ruairí Farrell



John Kilgannon


@JCt4ed
info@jct.ie



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers